



Ábhar:	Tuairisc Chomhairliúcháin ar an Dréacht-Pholasaí Éagsúlacht Teanga agus Plean Gnímh Straitéis Teanga
Dáta:	22 ^ú Meán Fómhair 2017
Oifigeach Tuairiscithe:	John Walsh, Aturnae Cathrach
Oifigeach Teagmhála:	Lorraine Dennis, Oifigeach Comhionannais agus Éagsúlachta

Tuairiscí faoi Thoirmeasc	
An bhfuil an tuairisc faoi thoirmeasc?	Tá <input type="checkbox"/> Níl <input checked="" type="checkbox"/>
Má tá, cá huair a bhainfear an toirmeasc dí?	
I ndiaidh Cinneadh Coiste	<input type="checkbox"/>
I ndiaidh Cinneadh Comhairle	<input type="checkbox"/>
Am éigin feasta	<input type="checkbox"/>
Choíche	<input type="checkbox"/>

Glao isteach	
An bhfuil an cinneadh incháilithe faoi choinne Glao isteach ?	Tá <input checked="" type="checkbox"/> Níl <input type="checkbox"/>

1.0	Feidhm na tuairisce nó achoimre ar phríomhcheisteanna
1.1	Is eol do bhaill gur faomhadh ag cruinniú den Choiste Polasaí Straitéiseach agus Acmhainní ar 21 Aibreán 2017 go rachfaí i gcomhairle ar an dréacht-pholasaí ar Éagsúlacht Teanga (Aguisín 1). Tá tuairisc ar thorthaí an chomhairliúcháin, a reáchtáladh ó 23 Bealtaine 2017 go 18 Iúil 2017 ar fáil faoi choinne plé (Aguisín 2). I measc na gcróimholtaí tá go ndéanfar an dréacht-pholasaí ar Éagsúlacht Teanga a fhorbairt a thuilleadh mar Straitéis Teanga agus tá an plean gnímh a ghabhann leis, a reáchtálfar ó Dheireadh Fómhair 2017 go Márta 2018, curtha ar fáil fosta le go bhfaomhfar é (Aguisín 3).
1.2	Ba chóir don Choiste a thabhairt dá n-aire gur tugadh an tuairisc seo do Cheannairí Grúpa Páirtí agus gur iarr siad seisiúin eolais soiléirithe ach gur iarr Sinn Féin go mbreithneodh Coiste Mheán Fómhair í.

2.0	Moltaí
2.1	Iarrtar ar an Choiste: <ul style="list-style-type: none"> • Torthaí an chomhairliúcháin ar an dréacht-Pholasaí Éagsúlacht Teanga a shonrú agus na moltaí a fhaomhadh; • An Plean Gnímh Straitéis Teanga D.Fó 2017 – Márta 2018 a fhaomhadh.
3.0	Príomhthuirisc
3.1	<p><u>Cúlra</u></p> <p>Tá sé d'aidhm ag Béal Feirste gur cathair fháilteach, uileghabhálach í. Le cuidiú linn an aidhm sin a bhaint amach agus le treoir dea-chleachtais agus ceanglais dlí eile a chomhlíonadh, d'fhorbair muid dréacht-Pholasaí Éagsúlacht Teanga, a fhaomhadh le haghaidh comhairliúcháin ag an Choiste Polasaí Straitéiseach agus Acmhainní ar an 21 Aibreán 2017 (Aguisín 1). Leagadh amach sa dréacht-Pholasaí Éagsúlacht Teanga ár gcur chuige le teangacha éagsúla a chur chun cinn i gceantar Chomhairle Cathrach Bhéal Feirste. Cuireann sé leis an Pholasaí teanga a bhí againn in 2006 a raibh gá lena athbhreithniú le go gcuirfí san áireamh athruithe daonra agus forbairtí eile.</p>
3.2	<p>Sa dréacht-pholasaí tugadh cúlra ar athruithe dinimiciúla dhaonra Bhéal Feirste agus míníodh ann an creat dleathach, straitéisí reatha an rialtais láir agus mionsonraí faoi chumarsáid roimhe seo le páirtithe leasmhara.</p> <p>Bunaithe ar an eolas seo, moladh sa dréacht-pholasaí cur chuige ina gcumseofaí:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Forbairt Creat Teanga uileghabhálach, ina gcuirfí in iúl an tiomantas atá againn do thacú le teangacha mionlaigh agus, san am céanna, plé ar bhonn éifeachtach le riachtanais éagsúla cainteoirí Gaeilge, Ultaise agus teangacha mionlaigh eile. • Forbairt Polasaí Gaeilge inarb é an príomhfhócas feabhsú agus cosaint na teanga; • Forbairt Polasaí Ultaise inar mó an fócas ar chur chun cinn na teanga agus gnéithe cultúrtha agus oidhreacht na teanga seachas an gá le doiciméid a aistriú agus seirbhísí ateangaireachta. • Forbairt polasaí ar theangacha mionlaigh eile (teangacha comharthaíochta san áireamh) ina raibh an fócas ar an dea-chumarsáid a chinntiú agus feacht agus tuiscint ar chultúir mionlaigh a ardú.
3.3	<p>Bhí an dréacht-Pholasaí ar Éagsúlacht Teanga faoi réir tréimhse fhoirmiúil chomhairliúcháin ó 23 Bealtaine go 18 Iúil 2017. Roimh an tréimhse seo, bhí cruinnithe neamhfhoirmiúla teagmhála / réamhchomhairliúcháin ann cheana le hearnálacha bainteacha lena chinntiú go léireofaí sa dréacht-Pholasaí tosaíochtaí agus saincheistanna gach grúpa páirtithe leasmhara. Is le linn 2013-17 a tionóladh na cruinnithe seo.</p>

	<p>Ansin, bhreithnigh grúpaí éagsúla páirtithe polaitíochta, a bhfuil ionadaíocht acu sa Chomhairle, an Polasaí i bhfoirm dréachta sular thosaigh an tréimhse fhoirmiúil chomhairliúcháin.</p> <p>Seoladh an comhairliúchán maille le preasráiteas, alt ar an inlíon foirne agus cuireadh chun freagairt don chomhairliúchán ar shuíomh gréasáin na Comhairle.</p>
3.4	<p>Ba iad na bealaí éagsúla freagartha ag an phobal:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ceistneoir thuairimí an phobail ar líne ar Mhol Comhairliúcháin na Comhairle, faisnéis san áireamh (bhí cóipeanna crua ar fáil fosta) • Freastal ar cheann amháin de dhá ócáid chumarsáide, arbh aidhm dóibh an t-eolas céanna a bhí ar an cheistneoir ar líne a bhailiú. • Freastal ar cheann amháin de cheithre fhócasghrúpa théamacha: Gaeilge, Ultais, Pobail Nuathagtha agus Bodhar nó Leathbhodhar, agus / nó Lucht míchumais. • D'fhéadfaí tuairimí comhairliúcháin a chur de r-phost agus de litir fosta.
3.5	<p>Ba iad na bealaí éagsúla freagartha ag an fhoireann:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Suirbhé ar líne ar fáil (go himheánach amháin) ar an Mhol Comhairliúcháin ar líne, lenar áiríodh faisnéis agus comhlánú ceistneoir ar líne, ar fáil ó 26 Meitheamh go 18 Iúil 2017 (bhí cóipeanna crua ar fáil fosta); • Cruinnithe duine le duine leis an Dr, John Kremer, comhairleoir neamhspleách comhionannais agus éagsúlachta a chomhéascaigh na gníomhaíochtaí comhairliúcháin. <p>Beartaíodh cruinnithe le hionadaithe Ceardchumainn fosta mar chuid den chomhairliúchán.</p>
3.6	<p><u>Croícheisteanna</u></p> <p>Ullmhaíodh Tuairisc Chomhairliúcháin ar an Dréacht-Pholasaí ar an Éagsúlacht Teanga (Aguisín 2) agus is faoi na ceannteidil seo a leanas atá sí struchtúrtha:</p> <ol style="list-style-type: none"> A. Eolas ar an pholasaí faoina ndeachthas i gcomhairle B. Ár gcur chuige C. Tuairimí comhairlithe D. Ceisteanna ag teacht chun cinn agus réamh-mholtaí <p>Tá na moltaí seo a leanas á gcur chun cinn le go bhfaomhfar iad:</p> <ul style="list-style-type: none"> • Ba chóir an dreacht-Pholasaí Éagsúlacht Teanga a athainmniú mar Straitéis Teanga, ina leagfar amach cur chuige straitéiseach i leith cumarsáid inrochtana, chuimsitheach;

- Ba chóir Rannán 3 mar atá faoi láthair (Forbairtí le déanaí) a leasú le go gcuirfí san áireamh tuairimí comhairlithe agus lena chinntiú go bhfuil an straitéis ar aon dul leis an reachtaíocht agus leis an treoir reatha i dTuaisceart Éireann;
- Ba chóir go gcuimseofaí sna prionsabail uileghabhálacha tuilleadh tagartha do na buntáistí dearfacha a bhaineann le héagsúlacht teanga agus an dátheangachas;
- Ba chóir go mbeadh an téarmaíocht a úsáidtear sa straitéis comhsheasmhach síos tríd agus lipéid ar nós 'mionlach' a sheachaint nuair is féidir;
- Ba chóir snáithí ar leith a chruthú mar chuid den straitéis, mar shampla - Gaeilge, Ultais, Teanga Chomharthaíochta, Cumarsáid agus Teanga Pobail Nuathagtha agus Snáithe Cumarsáide agus Teanga do lucht Míchumais;
- Ba chóir gach snáithe a mheas go hiomlán le bonn eolais a chur faoi acmhainní cuí, mar shampla, acmhainní sainiúla daonna agus ábharacha a chur in oiriúint go sonrach do riachtanais agus tosaíochtaí sainiúla an phobail teanga sin;
- Ba chóir an tsonraíocht do phoist oifigigh teanga a bhaineann le snáithe amháin nó níos mó a bheith beacht agus riachtanais agus tosaíochtaí an phobail teanga atá i gceist a léiriú. Moltar oifigeach Gaeilge a earcú mar riachtanas aitheanta de chuid phobal na Gaeilge;
- Ba chóir tuilleadh cumarsáide le gach earnáil a úsáid le bailchríoch a chur ar aidhmeanna agus rannáin forfheidhmiúcháin gach snáithe oibre le riachtanais agus tosaíochtaí an phobail chuí a léiriú in aon pholasaí a chomhaontófar;
- Gheofar léargas úsáideach ar fhorfheidhmiú níos forleithne agus an tionchar ar sholáthar oibríochtúil trí scéimeanna píolótacha ar obair a shainaithnítear tríd an chomhairliúchán;
- Ba chóir prionsabail an spáis chomhroinnte a mheas nuair a bhíonn bearta á bhforbairt mar chuid den straitéis agus sna snáithí bainteacha oibre;
- Ba chóir impleachtaí acmhainní a bhaineann leis an straitéis a shoiléiriú go luath sa phróiseas agus bearta a chur ar siúl ar bunús dóibh na prionsabail is mó luach ar airgead maidir le tíos, éifeachtacht agus éifeachtúlacht;
- Ba chóir tuilleadh anailíse a dhéanamh ar riachtanais oiliúint foirne agus forbairt acmhainne;
- Leis na moltaí seo a thabhairt chun cinn, ba chóir plean gnímh a bhunú gan mhoill ina leagfar amach cur chuige céimneach i leith feidhmiú iomlán agus acmhainní a chur ar fáil do gach snáithe le tuilleadh brí a chur sa straitéis agus í á tabhairt chun tosaigh.

3.7	Ullmhaíodh Plean Gnímh Straitéis Teanga ina léirítear na moltaí. Mairfidh sé ó Dheireadh Fómhair 2017 go Márta 2018 (Aguisín 3) agus táthar ag iarraidh ar Bhaill an Plean Gnímh a fhaomhadh le go bhfeidhmeofar é, ag tosú i nDeireadh Fómhair 2017.
3.8	<u>Na chéad céimeanna eile</u> Tosófar ar an Phlean Gnímh Straitéis Teanga i nDeireadh Fómhair 2017 agus mairfidh sé go Márta 2018. Leis seo, beifear in ann ailíniú leis an bhliain airgeadais agus beidh plean gnímh bliana eile a mhairfidh ó Aibreán 2018 - Márta 2019 istigh le haghaidh a fhaofa go luath in 2018.
3.9	<u>Impleachtaí Airgeadais agus Acmhainní</u> D'fhaomh an Coiste Polasaí Straitéiseach agus Acmhainní buiséad £25,000 ar an 23 Meitheamh 2017 le tacú leis an chéad Phlean Gnímh Straitéis Teanga, a mhairfidh ó Dheireadh Fómhair 2017 - Márta 2018.
3.10	<u>Impleachtaí Comhionannais nó Dea-Chaidrimh</u> Cuireadh dréacht-Tuairisc Mheasúnachta Comhionannais i láthair mar chuid den cháipéisíocht chomhairliúcháin. Déanfar measúnacht nuashonraithe ag céimeanna cuí d'fhorfheidhmiú na Straitéise Teanga.
4.0	Aguisíní – Doiciméid faoi lamh
	Aguisín 1 – Dréacht-Pholasaí ar Éagsúlacht Teanga Aguisín 2 – Tuairisc Chomhairliúcháin ar Dhréacht-Pholasaí ar Éagsúlacht Teanga Aguisín 3 – Plean Gnímh Straitéis Teanga, Deireadh Fómhair 2017 go Márta 2018.